

Tionóiscí agus Tarluithe Contúirteacha san Ionad Oibre a Thuairisciú

Bileog Faisnéise

Tá an bhileog eolais seo ceaptha le haghaidh fostóirí, fostaithe agus daoine féinfhostaithe. Tugtar eolas inti faoi na ceanglais lárnacha chun tionóiscí agus tarluithe contúirteacha san ionad oibre a thuairisciú don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta (ÚSS).

Cad is tionóisc ann?

Is éard atá i dtionóisc ná imeacht gan choinne a mbíonn bás nó gortú mar thoradh uirthi, mar:


- leonadh nó stangadh tromchúiseach (mar shampla, gortuithe mar thoradh ar láimhsiú),
- stolladh,
- cnámh bhriste,
- comhtholgadh nó
- neamhaireachtáil.



Cad is tarlú contúirteach ann?

Is éard atá i dtarlú contúirteach ná tarlú de thoradh gníomhaíochtaí oibre in ionad oibre ar a mbíonn na torthaí seo a leanas:

- titim, tiontú, cliseadh, pléascadh, díluchtú nó rólódáil gearrchiorcaid leictreach, nó mífheidhmiú aon trealaimh oibre;
- titim nó titim pháirteach aon fhoirgnimh nó struchtúir atá á dtógáil nó in úsáid mar áit oibre;
- scaoileadh neamhsrianta nó tionóisceach, éalú nó lasadh substainte ar bith,
- tine lena mbaineann substaint ar bith; nó
- lasadh nó pléascadh neambheartaithe pléascán.



Tuairisciú agus an dlí

Tá sé mar cheanglas dlíthiúil ar fhostóirí tionóiscí agus tarluithe contúirteacha áirithe a thuairisciú faoi na [Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair \(Tionóiscí agus Tarluithe Contúirteacha\) 2016 \(I.R. Uimh. 370 de 2016\) - \[www.irishstatutebook.ie/eli/2016/si/370/made/en/print\]\(http://www.irishstatutebook.ie/eli/2016/si/370/made/en/print\)](#). Is cion é gan na tionóiscí agus tarluithe contúirteacha atá leagtha amach sna rialacháin sin a thuairisciú.


I dteannta le bheith ina dhualgas dlíthiúil ar fhostóir, is tábhachtach tuairisciú a dhéanamh ar na cúiseanna seo a leanas:

- ceadaíonn na tuairiscí d'fhostóirí measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht a gcórais reatha um bainistíocht sláinte agus sábháilteachta;
- spreagann sé fostóirí chun a gcuid measúnuithe riosca agus ráiteas sábháilteachta a athbhreithniú agus a leasú go rialta;
- cuireann sé sonraí treochta ar fáil do ÚSS chun feachtais agus treoir a spriocdhíriú d'fhonn sábháilteacht, sláinte agus leas oibríthe in Éirinn a chosaint; agus
- ceadaíonn sé do chigirí ÚSS tionóiscí tromchúiseacha agus tarluithe contúirteacha áirithe a fhiosrú chun na cúiseanna leo a thuiscint agus chun cabhrú le fostóirí agus le ÚSS tarluithe dá leithéid amach anseo a chosc.

Cad nach mór a thuairisciú do ÚSS?

Tionóiscí:

- Ní mór gach tionóisc mharfach san ionad oibre a thuairisciú.
- Ní mór tionóiscí neamh-mharfacha san ionad oibre a thuairisciú i gcás gurb é an toradh ar an díobháil nach féidir leis an bhfostaí a c(h)uid gnáthchúraimí oibre a chomhlíonadh ar feadh trí lá nó níos mó i ndiaidh a chéile, **gan lá na tionóisce san áireamh** (Agus na laethanta á ríomh, ba cheart an deireadh seachtaine agus laethanta neamhoibre eile a chur san áireamh).



Tarluithe contúirteacha:

Is féidir liosta iomlán a fháil de tharluithe nach mór a thuairisciú in Aguisín 1 den [“Treoir ar na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair \(Tionóiscí agus Tarluithe Contúirteacha a Thuairisciú\) 2016” - \[www.hsa.ie/eng/topics/accident_and_dangerous_occurrence_reporting/accident_and_dangerous_occurrences_reporting_2022.pdf\]\(http://www.hsa.ie/eng/topics/accident_and_dangerous_occurrence_reporting/accident_and_dangerous_occurrences_reporting_2022.pdf\)](#).

Ní mór don fhostóir tuairisciú a dhéanamh ar dhíobhála meabhracha mar thoradh ar chúis dhíreach, amhail suaithheadh nó geit mar thoradh ar ionsaí, agus é mar thoradh air nach féidir le fostaí a c(h)uid gnáthchúraimí oibre a chomhlíonadh ar feadh trí lá nó níos mó i ndiaidh a chéile, gan lá na tionóisce san áireamh.

Cad nach gá a thuairisciú faoi na rialacháin sin?

Níl sé ina cheangal galair, breoiteachtaí gairme ná laguithe ar riocht meabhrach a thuairisciú faoi na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Tionóiscí agus Tarluithe Contúirteacha a Thuairisciú) 2016. Ní mór galair agus breoiteachtaí áirithe a thuairisciú de réir reachtaíochta difriúla, áfach. Chun tuilleadh eolais a fháil féach ar an gcuid “Ceanglais tuairiscithe bhreise” ag deireadh na bileoige eolais seo.

Tuairisciú ag daoine féinfhostaithe



Ní mór do dhaoine féinfhostaithe tionóiscí a thuairisciú do ÚSS.

- Má ghortaítear duine féinfhostaithe agus mura mbíonn an duine sin in ann a c(h)uid gnáthchúraimí oibre a chomhlíonadh ar feadh trí lá nó níos mó i ndiaidh a chéile, gan lá na tionóisce san áireamh, is gá dó/di tuairisc a chur faoi bhráid ÚSS.
- Má ghortaítear duine féinfhostaithe go marfach, cuirfidh na seirbhísí éigeandála, na Gardaí de ghnáth, ÚSS ar an eolas.

Céard faoi dhaoine nach fostaithe iad (e.g. baill den phobal)?

- Ní mór d’fhostóir an ionaid oibre tuairisc a chur isteach má tharlaíonn aon cheann de na rudaí seo a leanas do dhuine éigin nach fostaí de do chuid é/í, agus nach bhfuil sé/sí i mbun oibre: má bhásaíonn an duine de thoradh tionóisce a tharla mar gheall ar ghníomhaíocht oibre i d’ionad oibre; nó
- má ghortaíonn do ghníomhaíocht oibre an duine agus más gá é/í a thógáil ó áit na tionóisce chun cóireáil leighis a fháil as an ngortú.

Cén uair ar cheart tuairisciú

- Tar éis tionóisce marfaí, ní mór duit ÚSS a chur ar an eolas láithreach (uimhir ghutháin: 0818 289 389) nó na Gardaí (uimhir ghutháin: 999 nó 112). Ansin ba cheart don fhostóir an tuairisc fhoirmiúil a chur faoi bhráid ÚSS laistigh de **chúig lá oibre**.
- Ba cheart tionóiscí neamh-mharfacha nó tarluithe contúirteacha a thuairisciú do ÚSS laistigh de **dheich lá oibre**.



Coinnigh taifead de gach tionóisc agus tarlú contúirteach ar feadh **deich mbliana** ó dháta na tionóisce. Is cleachtas maith é neastimpistí a thaifeadadh, fiú mura bhfuil sé ina cheangal iad a thuairisciú do ÚSS. Cabhróidh sé sin leat a chinneadh cibé acu an dteastaíonn bearta rialaithe breise chun tarluithe dá leithéid nó tarluithe níos tromchúisí a chosc sa todhchaí.

Conas tuairisciú

Is féidir leat tuairisciú ar dhá bhealach:

Ar líne:



Is féidir leat tuairisciú:

- ar thionóiscí ag: <https://webapps.hsa.ie/>
- ar tharluithe contúirteacha ag https://www.hsa.ie/eng/topics/accident_and_dangerous_occurrence_reporting/

Páipéar:



Foirm IR1:

Is féidir an fhoirm pháipéir a chomhlánú le haghaidh tionóiscí agus a sheoladh chuig Ionad Teagmhála ÚSS, An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, An Foirgneamh Cathrach, Sráid James Joyce, Baile Átha Cliath 1. Chun cóip chrua den fhoirm a iarraidh, cuir ríomhphost chuig contactus@hsa.ie nó glaoigh ar 0818 289 389.

Cuir san áireamh an seoladh ag ar tharla an tionóisc nó an tarlú contúirteach, murab é seoladh an fhostóra é.

Ceanglais tuairiscithe bhreise:

Cé nach bhfuil sé ina cheangal galair, breoiteachtaí gairme nó lagú ar riocht meabhrach a thuairisciú faoi na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Tionóiscí agus Tarluithe Contúirteacha a Thuairisciú) 2016, is tábhachtach an méid seo a leanas a thabhairt faoi deara:

- ní mór d'fhostóir nó do chleachtóir leighis freagrach an fhostóra ÚSS a chur ar an eolas faoi ghalar nó faoi bhás fostaí mar thoradh ar nochtadh d'oibreán bitheolaíoch san ionad oibre, agus an fhoirm tuairiscithe thiomnaithe a úsáid chun é sin a dhéanamh;
- ní mór d'fhostóir nó do chleachtóir leighis cláraithe ar bith ÚSS a chur ar an eolas faoi ghalar gairme agus faoi dhrochiarmhairtí sláinte eile mar thoradh ar nochtadh do shubstaintí carcanaigineacha, substaintí atá tocsaineach don atáirgeadh agus substaintí só-ghineacha san ionad oibre, agus é sin a dhéanamh trínár n-ionad teagmhála; agus
- ní mór do chleachtóir leighis cláraithe a thagann ar an eolas faoi aispeastóis nó faoi mhéisitéilióma fógra a thabhairt do ÚSS trí ríomhphost a sheoladh chuig asbestosreports@hsa.ie.

Faisnéis bhreise:

Is féidir teacht ar eolas breise, lena n-áirítear an "tAthbhreithniú Bliantúil ar Dhíobhálacha, Bhreoiteachtaí agus Básanna san Ionad Oibre, ar www.hsa.ie

Déan teagmháil lenár nDeasc Chabhrach:

Seoladh ríomhphoist: contactus@hsa.ie
Uimhir ghutháin: 0818 289 389
nó tabhair cuairt ar:
www.hsa.ie/education



An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
Health and Safety Authority